# Treoracha maidir le Cianfhoghlaim

---

Tá na treoracha cianfhoghlama seo bunaithe ar na luachanna seo a leanas:

1. Tacú go leanúnach le foghlaim agus le forbairt an pháiste, le treoir agus tacaíocht an mhúinteora.
2. Meas agus comhpháirtíocht i measc leanaí agus daoine fásta.
3. An Ghaeilge mar ghnáth-theanga oibre na scoile.

## Modhanna Múinte

Úsáidfear na hárdáin ríomhaireachta seo a leanas le daltaí na scoile a mhúineadh, sa chás go mbíonn ar rang-ghrúpa/scoil iomlán fanacht sa bhaile:

**Seesaw- Foghlaim idirghníomhach laethúil**

1. Cuirfidh gach múinteoir ceachtanna laethúla ar fáil ar an ardán Seesaw i rith ghnáth-uaireanta scoile. Úsáidfidh na múinteoirí Seesaw chun ceartú a dhéanamh ar obair na bpáistí. I rith am scoile amháin a dhéantar é seo freisin.

**Ranganna Zoom**

1. Ó ranganna na Naíonán Beag go Rang a 2, roinnfear na ranganna ina ngrúpaí agus cuirfidh an múinteoir rang amháin in aghaidh na seachtaine, ar a laghad, ar fáil do chuile ghrúpa.
2. Ó ranganna 3 - 6 cuirfidh an múinteoir trí rang in aghaidh na seachtaine, ar a laghad, ar fáil do chuile ghrúpa ranga (pod).

## Dualgaisí na múinteoirí

1. Suíomh foghlama ar líne slán, dearfach agus suimiúil a chur ar fáil, a chabhróidh leis na páistí leanúint ar aghaidh ag foghlaim agus ag forbairt.

2. Amchlár seachtainiúil a chur ar fáil do pháistí agus tuistí ar Seesaw, chun cabhrú leis na páistí structúr a chur ar a gcuid foghlama.
3. Obair laethúil a chur ar fáil ar an suíomh Seesaw a thacaíonn leis an gcuraclam don rang cuí.
4. Áiseanna spreagúla idirghníomhach a úsáid.
5. Cumarsáid rialta a dhéanamh leis na páistí ar Seesaw.
6. Ceachtanna suimiúla a chur ar fáil ar Zoom.
7. Aitheantas dearfach agus treoir a thabhairt do na leanaí maidir lena gcuid oibre ar líne.
8. Díriú ar ghnéith amháin d'obair na bpáistí a cheartú gach lá. (msh Gaeilge lá amháin, mata an chéad lá eile srl)

I ngach cás, is í an phríomhaidhm atá ag gach múinteoir ná cuspóirí an churaclaim dá rang a chomhlíonadh. Déanfaidh an múinteoir ranga an cinneadh maidir leis an modh múinte is éifeachtaí leis na cuspóirí sin a bhaint amach.

## Ról na dTuismitheoirí

Tá ról lárnach ag tuismitheoirí maidir le hoideachas a gcuid páistí. Baineann an ról seo leis an gcianfhoghlaim chomh maith.

1. Tá sé de dhualgas ag tuismitheoirí tacú leis an bhfoghlaim ar líne, trí chinntiú go bhfuil sé indéanta do pháistí úsáid a bhaint as an gcóras Seesaw sa bhaile.
2. Ba chóir do thuistí féachaint chuige go mbíonn na leabhair, cóipleabhair agus fearas cuí ag na leanaí le tabhairt faoi tascanna ar líne
3. Moltar do thuismitheoirí an suíomh Seesaw a sheiceáil go rialta. Beidh obair ranga an lae le fáil air.
4. Is gá do thuistí a bheith sa seomra nuair atá na ranganna Zoom ar siúl.

## Dualgaisí na bPáistí

1. Is gá do pháistí an obair ranga ar Seesaw a chomhlíonadh chomh fada is gur féidir leo.
2. Is gá do pháistí na tascanna praiticiúla a chomhlíonadh agus griangraifeanna den obair

a sheoladh chuig an múinteoir ar Seesaw.

3. Is gá do pháistí an obair chuí a dhéanamh sna leabhair agus sna cóipleabhair

**<u>Iompar le linn na Ranganna Zoom</u>**

1. Tá meas, béasa agus comhoibriú riachtanach ionas go mbeidh atmaisféar foghlama dearfach agus socair le linn an cheachta.
2. Is gá leis na leanaí cloí le treoracha an mhúinteora.
3. Níl cead cuir isteach ar an múinteoir ná ar aon leanbh eile agus iad ag caint.
4. Níor cheart do pháistí a bheith ag siúl timpeall le linn an cheachta Zoom.
5. Níor cheart go mbeadh aon bhreagáin, peataí ná ábhar eile mí-oiriúnach acu le linn na gceachtanna Zoom.
6. Is gá go mbeadh na leabhair agus an fearas ranga atá riachtanach acu ag tús an cheachta.
7. Is gá do chuile pháiste a n-ainm ceart a úsáid mar phróifíl ar Zoom.
8. Níor chóir an t-ainm ná an cúlra a athrú le linn an ranga. Bíodh cúlra oiriúnach roghnaithe roimh ré.

## Páistí le riachtanais speisialta

Beidh foireann tacaíocht foghlama na scoile ag tacú leis na múinteoirí ranga óna bolgáin chuí ar Seesaw agus le páistí aonaracha.

# Guidelines on Remote Learning

These guidelines on remote learning are based on the following values:

1. To support the learning and development of the child, with the direction and support of the teacher.
2. Respect and co-operation amongst children and adults.
3. Gaeilge as the normal working school language.

## Learning Methods

The following online platforms will be used to teach the children in the case of a class group/ the whole school having to stay at home:

### **Seesaw – Daily Interactive Learning**

1. Each teacher will put daily lessons on Seesaw during normal school hours. She/he will then use Seesaw to correct the children's work, also only during school hours.

### **Zoom Classes**

1. From Naíonáin Bheaga to Rang a 2, the classes will be divided into their groups, and the teacher will do at least one class per week per group.
2. From Rang 3 - 6 the teacher will do at least three classes per pod per week.

## Teachers' Duties

1. To provide a safe, positive and interesting online site that will help the children continue learning and developing.
2. To provide a weekly timetable for children and parents on Seesaw, in order to help the children structure their learning.
3. To put work on Seesaw each day that supports the curriculum of the class in question.

4. To use inspiring interactive resources.
5. To communicate regularly with the children on Seesaw.
6. To provide interesting lessons on Zoom.
7. To give positive recognition and guidance to the children regarding their online work.
8. To focus on correcting one aspect of the children's work each day (eg Gaeilge one day, maths the next day etc).

In all instances, the main aim of each teacher is to fulfill the objectives of the curriculum for their class. She/he will make a decision on the most effective teaching method to fufill those objectives.

## Parents' Role

1. Parents have a central role regarding their children's education. This role applies to remote learning also.
2. Parents have a duty to support online learning by ensuring that it is possible for children to use Seesaw at home.
3. Parents should ensure that their children have the appropriate books, copies and materials to complete the online tasks.
4. We recommend that parents check the Seesaw site regularly. The class work for the day will be on it.
5. Parents must be in the room during a Zoom class.

## Children's Duties

1. Children should complete the class work on Seesaw, as much as is possible.
2. Children should complete the practical tasks and send photos of the work to the teacher on Seesaw.
3. Children should do the work in the appropriate books and copies.

### Behaviour During Zoom Classes

1. Respect, good manners and co-operation are essential in order to ensure a positive

and settled learning atmosphere during the lesson.

2. The children should follow the teachers' instructions.
3. Interrupting the teacher or another child while they are talking is not allowed.
4. Children should not walk around during the Zoom lesson.
5. There should not be toys, pets or other inappropriate items around during the Zoom lessons.
6. Children should have the necessary books and materials at the start of the lesson.
7. Each child should use their proper name for their Zoom profile.
8. The name or background should not be changed during the class. Please select a suitable background beforehand.

## Children with Additional Needs

The learning support staff will support the class teachers from their pod on Seesaw and individual children also.